www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Uimhir Iarrthóra

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

General Certificate of Secondary Education
2017–2018

# Eolaíocht: Teastas Singil

## Aonad 2 (Ceimic)
## Bonnsraith

GSS21

## [GSS21]

## DÉARDAOIN 9 SAMHAIN 2017, MAIDIN

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **deich** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **10**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Tá Bileog Sonraí, ina bhfuil Tábla Peiriadach na nDúl, sa scrúdpháipéar seo.


| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| **Marc Iomlán** | |

www.xtrapapers.com

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

**1** Tá an tsiombail ghuaise thíos le fáil ar bhuidéal de ghlantóir oighinn.





*Foinse: Príomhscrúdaitheoir*

**(a)** Ainmnigh an tsiombail ghuaise seo.

______________________________ [1]

**(b)** Tá an lipéad thíos le fáil ar bhuidéal de bhiotáille bhán ar leacht inlasta í. Tarraing an tsiombail ghuaise cheart do shubstaint inlasta leis an lipéad a chomhlánú.




[1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** Anseo thíos tá dhá chineál carraige agus roinnt samplaí ainmnithe.

**(a)** Línte in úsáid agat, meaitseáil gach cineál carraige le sampla amháin.


| **Cineál carraige** | **Sampla** |
|---|---|
| | aolchloch |
| meiteamorfach | |
| | eibhear |
| dríodrach | |
| | marmar |

[2]

**(b)** Taispeánann an léaráid thíos struchtúr an Domhain.
Lipéadaigh an léaráid.

Roghnaigh ó:

**screamh** **núicléas** **croí** **maintlín** **craiceann**



© bubblea / iStock / Thinkstock

[3]

www.xtrapapers.com

3 Taispeánann an tábla thíos an pH ithreach is fearr a bhfásann roinnt plandaí ann.

| **Planda** | **pH** |
|---|---|
| sú craobh | 5.0 – 6.0 |
| leitís | 6.0 – 7.0 |
| cuirín dubh | 5.5 – 8.2 |
| bachlóga Bruiséile | 5.5 – 6.8 |
| cóilis | 7.0 – 8.0 |
| práta | 4.5 – 6.0 |
| úll | 5.0 – 6.5 |
| cabáiste | 7.0 – 8.0 |
| oinniún | 6.0 – 7.0 |

Faisnéis sa tábla agus do chuid eolais in úsáid agat, freagair na ceisteanna seo a leanas.

**(a)** Ainmnigh an planda a fhásfaidh san ithir **is** alcailí.

______________________________________________ [1]

**(b)** Is é 5.5 pH na hithreach i ngairdín Amy.

**(i)** Cá mhéad planda a fhásfaidh go maith sa ghairdín aici?

______________________________________________ [1]

**(ii)** Is mian le Amy cabáiste a fhás. Mínigh ina iomláine cad chuige a gcaithfidh sí aol a chur leis an ithir sa ghairdín aici.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

www.xtrapapers.com


LEATHANACH BÁN

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** Tugann an phíchairt thíos faisnéis faoin chineál dramhaíola a fhaightear i mbosca bruscair tí.




**(a)** Ríomh céatadán na dramhaíola ar páipéar é.

(Taispeáin do chuid oibre.)

_______________ % [2]

**(b)** Luaigh **dhá** dhóigh a mbíonn lucht tithe á spreagadh ag comhairlí áitiúla le hathchúrsáil a dhéanamh.

1. ____________________________________________

2. ____________________________________________ [2]

**(c)** Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le gloine a athchúrsáil.

____________________________________________

____________________________________________ [1]

**(d)** Cuirtear síos ar roinnt dramhaíola go bhfuil sí do-bhithmhillte. Cad é a chiallaíonn an téarma do-bhithmhillte?

____________________________________________

____________________________________________


____________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(e)** Bain úsáid as faisnéis ón phíchairt thall leis an ghraf thíos a chomhlánú.

**Ní** gá duit an luach do pháipéar a bhreacadh.




[2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** **(a)** Ábhair a thagann ó rudaí beo, cuirtear síos orthu go bhfuil siad nádúrtha. Cuirtear síos ar ábhair eile gur de dhéantús an duine iad.


Cuir na hábhair seo a leanas sa cholún cheart den tábla thíos.

**cadás** **olann** **níolón** **línéadach**

| Nádúrtha | De dhéantús an duine |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |

[2]

**(b)** Rinne dalta imscrúdú le láidreacht snáithíní éagsúla a thástáil. Taispeántar thíos an fearas ar bhain sé úsáid as.




Rinneadh an meáchan a bhris gach snáithín a thomhas agus a thaifeadadh sa tábla thíos.

| Snáithín | Meáchan briste/N |
|---|---|
| **A** | 23 |
| **B** | 53 |
| **C** | 21 |
| **D** | 35 |
| **E** | 46 |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(i)** Cuir na cúig shnáithín (**A**, **B**, **C**, **D** agus **E**) in ord láidreachta, ag tosú leis an cheann is láidre.

**is láidre**

___________________

___________________

___________________

___________________

___________________

**is laige** [2]

**(ii)** Luaigh rud **amháin** ab éigean a dhéanamh leis na torthaí a dhéanamh bailí (tástáil chothrom).

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

Caithfidh dorú iascaireachta a bheith ábalta meáchan de 22 N ar a laghad a choinneáil.

**(iii)** Cé acu snáithín (**A**, **B**, **C**, **D** nó **E**) **nach** mbeadh fóirsteanach leis an dorú seo a dhéanamh?

_______________________________________________ [1]

**(c)** Timpeall céad bliain ó shin i dTuaisceart Éireann, bhí líon mór daoine fostaithe i dtionscal an línéadaigh.

Mínigh ina iomláine cad chuige ar lú an líon daoine atá fostaithe sa tionscal seo inniu.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6** Sa tábla thíos tá faisnéis faoi thrí dhúil.

**(a)** Comhlánaigh an tábla.

| **Dúil** | **Uimhir adamhach** | **Maisuimhir** | **Líon neodrón** | **Struchtúr leictreonach** |
|---|---|---|---|---|
| carbón | 6 | 12 | 6 | |
| maignéisiam | 12 | 24 | | 2. 8. 2 |
| litiam | | 7 | 4 | 2.1 |

[3]

**(b)** Luaigh cad é a chiallaíonn an téarma maisuimhir.


______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [1]

**(c)** Tá maignéisiam le fáil i nGrúpa 2 den Tábla Pheiriadach.
Cad é an t-ainm a thugtar ar dhúile Ghrúpa 2?

______________________________________________________________________ [1]

**(d)** Comhlánaigh an léaráid thíos lena thaispeáint cad é mar a chóirítear na 13 leictreon d'alúmanam.




[1]

www.xtrapapers.com

7 Déantar na hidreacarbóin in amhola a dheighilt ina gcodáin dhifriúla le driogadh codánach. Taispeánann an tábla thíos roinnt de na hairíonna atá ag na codáin seo.

| Codán | Líon adaimh charbóin i slabhra | Raon fiuchphointí /°C | Staid ag teocht an tseomra | Éascaíocht adhainte |
|---|---|---|---|---|
| gás scaglainne | 1 – 4 | –160 go 20 | gás | ↑ |
| peitreal | 5 – 9 | 20 go 70 | leacht | |
| nafta | 6 – 11 | 70 go 120 | leacht | |
| pairifín | 11 – 18 | 120 go 170 | leacht | |
| ola dhíosail | 16 – 20 | 170 go 230 | leacht | |
| ola bhreosla | 21 – 70 | 230 go 350 | leacht | |
| biotúman | níos mó ná 70 | os cionn 350 | solad | |

**(a)** Luaigh treocht **amháin** a thaispeántar leis an fhaisnéis seo.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(b)** Faisnéis ón tábla in úsáid agat, mínigh cad chuige a bhfuil peitreal fóirsteanach le húsáid mar bhreosla.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(c)** Mínigh an dóigh a ndéantar na codáin in amhola a dheighilt le driogadh codánach.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

www.xtrapapers.com

8 **(a)** Taispeánann an tábla thíos roinnt faisnéise faoi na dúile atá le fáil i bPeiriad 2 den Tábla Pheiriadach.

| **Ainm na dúile** | Litiam | Beirilliam | Bórón | Carbón | Nítrigin | Ocsaigin | Fluairín | Neon |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Siombail** | Li | Be | B | C | N | O | F | Ne |
| **Uimhir adamhach** | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
| **Maisuimhir** | 7 | 9 | 11 | 12 | 14 | 16 | 19 | 20 |
| **Leá-phointe/°C** | 180 | 1287 | 2076 | 3500 | –210 | –219 | –220 | –249 |
| **Fiuch-phointe/°C** | 1342 | 2970 | 3927 | 4827 | –196 | –183 | –188 | –246 |
| **Carachtar miotalach** | Miotal | Miotal | Leath-mhiotal | Neamh-mhiotal | Neamh-mhiotal | Neamh-mhiotal | Neamh-mhiotal | Neamh-mhiotal |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Bain úsáid as an fhaisnéis seo agus do chuid eolais leis na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

**(i)** Ainmnigh an dúil ar halaigin í.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh an dúil a bhfuil trí leictreon sa sceall sheachtrach aici.

_______________________________________________ [1]

**(iii)** Ainmnigh an **miotal** leis an fhiuchphointe is ísle.

_______________________________________________ [1]

**(iv)** Cuir síos ar an treocht i gcarachtar miotalach trasna Pheiriad 2.

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

**(b)** Is miotal imoibríoch é litiam.

**(i)** Imoibríonn litiam le fluairín leis an chomhdhúil fluairíd litiam a fhoirmiú. Cad é an fhoirmle atá ag fluairíd litiam?

Ciorclaigh an freagra ceart.

**$Li_2F$** **$LiF_2$** **LiF**

[1]

**(ii)** Imoibríonn litiam le huisce fosta. Comhlánaigh an chothromóid focal don imoibriú seo.

litiam + uisce → ☐ + hidrigin [1]

**(iii)** Seachas boilgeoga gás hidrigine a fheiceáil, luaigh breathnú **amháin** eile a dhéanfá nuair a imoibríonn litiam le huisce.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

9 Tógadh an grianghraf thíos ar chamchuairt ar Uaimheanna na hÁirse Marmair i gContae Fhear Manach ar ceantar uisce crua é.



© Northern Ireland Tourist Board

**(a)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an uisce a ól i gceantar uisce crua.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

**(b)** Rinne dalta imscrúdú ar chruas samplaí difriúla uisce. Taispeántar na torthaí thíos.

| Sampla | Toirt tuaslagán gallúnaí atá de dhíth le sobal a fhoirmiú roimh fhiuchadh/$cm^3$ | Toirt tuaslagán gallúnaí atá de dhíth le sobal a fhoirmiú i ndiaidh fiuchadh/$cm^3$ |
|---|---|---|
| **A** | 2 | 2 |
| **B** | 16 | 7 |
| **C** | 18 | 2 |
| **D** | 24 | 2 |
| **E** | 22 | 22 |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(i)** Cé acu dhá shampla (**A**, **B**, **C**, **D** nó **E**) **nach** raibh **ach** cruas sealadach iontu?

_______________ agus _______________ [1]

**(ii)** Cé acu sampla uisce (**A**, **B**, **C**, **D** nó **E**) ba chrua?

_______________ [1]

**(iii)** Cé acu sampla (**A**, **B**, **C**, **D** nó **E**) a raibh cruas sealadach agus cruas buan araon ann?

_______________ [1]

**(c)** Tarlaíonn dianscaoileadh teirmeach d'uisce crua sealadach le 'coirt' i gcitil a fhoirmiú.

**(i)** Cad é a chiallaíonn an téarma dianscaoileadh teirmeach?

_______________

_______________ [2]

**(ii)** Luaigh an t-ainm ceimiceach ar 'choirt' i gcitil.

_______________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**10** Le cuidiú le coireanna a réiteach, déanann eolaithe fóiréinseacha méarloirg a fhaightear ag láthair choire a thógáil agus a anailísiú.




© arfo / istock / Thinkstock

Mínigh ina iomláine cad chuige a bhfuil méarloirg chomh tábhachtach in imscrúduithe láithreacha coire.

Ba chóir go gcuimseodh do fhreagra:

- an t-ainm atá ar chineál amháin de mhéarlorg
- an dóigh a bhfaightear méarloirg ó dhromchlaí a bhfuil dathanna difriúla orthu
- an fáth a bhfuil méarloirg úsáideach maidir le coireanna a réiteach

**Sa cheist seo measúnófar thú ar scileanna na cumarsáide scríofa agat lena n-áirítear úsáid na saintéarmaí eolaíocha.**

[6]

www.xtrapapers.com

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.